C/2025/1010

12.2.2025

MOLADH AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH

an 3 Nollaig 2024

lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir leis an measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhalartacht dheonach beart beartais macrastuamachta

(BERS/2024/7)

(C/2025/1010)

TÁ AN BORD GINEARÁLTA DON BHORD EORPACH UM RIOSCA SISTÉAMACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([1]), agus go háirithe Iarscríbhinn IX de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht macrastuamachta an Aontais Eorpaigh ar an gcóras airgeadais lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach ([2]), agus go háirithe Airteagail 3, 16 agus 18 de,

Ag féachaint do Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE ([3]), agus go háirithe Roinn I de Chaibidil 4 de Theideal VII de,

Ag féachaint do Chinneadh BERS/2011/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Eanáir 2011 lena nglactar le Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach ([4]), agus go háirithe Airteagail 18 go 20 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun bearta beartais macrastuamachta náisiúnta atá éifeachtach comhsheasmhach a áirithiú, tá sé tábhachtach an t-aitheantas a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais a chomhlánú leis an gcómhalartacht dheonach.

(2) Is é is aidhm don chreat maidir le cómhalartacht dheonach i ndáil le bearta beartais macrastuamachta a leagtar amach i Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ([5]) a áirithiú go ndéanfar na bearta beartais macrastuamachta ar fad atá bunaithe ar neamhchosaintí agus a ghníomhachtaítear i mBallstát amháin a chómhalartú sna Ballstáit eile.

([1]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.
([2]) OJ L 331, 15.12.2010, p. 1.
([3]) OJ L 176, 27.6.2013, lch. 338.
([4]) IO C 58, 24.2.2011, lch. 4.
([5]) Moladh BERS/2015/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 15 Nollaig 2015 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann beart beartais macrastuamachta agus maidir le cómhalartacht dheonach ina leith (IO C 97, 12.3.2016, lch. 9).

(3) Le Cinneadh Uimh. 79/2019 ó Chomhchoiste an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE), ionchorpraíodh Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (Comhaontú LEE) le héifeacht ón 1 Eanáir 2020 ([6]). Treoir (AE) 2021/338 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) agus Rialachán (AE) 2021/558 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), lenar tugadh isteach leasuithe suntasacha ar Threoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ionchorpraíodh iad i gComhaontú LEE le Cinneadh Uimh. 213/2022 ([9]) ó Chomhchoiste LEE agus le Cinneadh Uimh. 145/2024 ([10]) ó Chomhchoiste LEE faoi seach. Tá Treoir (AE) 2021/338 agus Rialachán (AE) 2021/558 infheidhme anois san Iorua.

(4) An 29 Lúnasa 2024, thug Finansdepartementet (Aireacht Airgeadais na hIorua), ag gníomhú dó mar an t-údarás ainmnithe chun críoch Airteagal 133(2) de Threoir 2013/36/AE, fógra don Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) go raibh sé ar intinn aige ráta an mhaoláin um priacal sistéamach (SyRB) a forchuireadh roimhe sin a athshocrú, ag an ráta céanna 4,5 %, ar gach risíocht atá lonnaithe san Iorua. Tá feidhm ag an mbeart ón 31 Nollaig 2020, agus moltar faoi láthair é a chómhalartú faoi Mholadh ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ([11]) Ar an dáta céanna, chuir Finansdepartementet in iúl do BERS go raibh sé ar intinn aige ceangal a chur ar institiúidí áirithe maolán maidir le 'hinstitiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéamach leo' (O-SII) a choinneáil ar chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1, i gcomhréir le hAirteagal 131 de Threoir 2013/36/AE.

(5) Ina dhiaidh sin, an 26 Meán Fómhair 2024, chuir Finansdepartementet iarraidh isteach go molfadh BERS cómhalartú an ráta riosca shistéamaigh ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair, de bhun Airteagal 134(5) de Threoir 2013/36/AE. Níl aon athrú ar an mbeart beartais macrastuamachta féin.

(6) An 7 Deireadh Fómhair 2024, ghlac BERS Tuairim BERS/2024/6 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ([12]), inar shonraigh sé go measann sé go bhfuil na ráta maolánach carnach SyRB agus O-SII iomchuí agus éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta do gach ceann de na hinstitiúidí creidmheasa a thagann faoi raon feidhme an dá bheart sin.

(7) Moltar i Moladh BERS/2015/2, arna leasú le Moladh BERS/2017/4 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ([13]) gur cheart don údarás ábhartha a ghníomhaíonn beart beartais macrastuamachta, agus iarraidh ar chómhalartú á cur faoi bhráid BERS aige, uastairseach ábharthachta a mholadh ar faoina bun is féidir a mheas go bhfuil neamhchosaint soláthraí seirbhíse airgeadais aonair ar an riosca macrastuamachta sainaitheanta sa dlínse ina gcuireann an t-údarás gníomhachtaithe an beart beartais macrastuamachta i bhfeidhm neamhábhartha. Féadfaidh BERS tairseach eile a mholadh má mheastar gur gá sin. Tá an uastairseach ábharthachta chun an maolán um riosca sistéamach a chómhalartú socraithe ag méid neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca de NOK 5 bhilliún, arb ionann é agus thart ar 0,16 % de mhéid iomlán neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca na n-institiúidí creidmheasa a thuairiscíonn san Iorua ([14]).

([6]) Cinneadh Chomhchoiste LEE Uimh. 79/2019 an 29 Márta 2019 lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann leis an gComhaontú LEE [2019/2133] (IO L 321, 12.12.2019, lch. 170).

([7]) Treoir (AE) 2021/338 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2021 lena leasaítear Treoir 2014/65/AE a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise, rialachas táirgí agus teorainneacha suímh, agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/878 a mhéid a bhaineann lena gcur i bhfeidhm maidir le gnólachtaí infheistíochta, chun cabhrú leis an téarnamh ó ghéarchéim COVID-19 (IO L 68, 26.2.2021, lch.14).

([8]) Rialachán (AE) 2021/558 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le coigeartuithe ar an gcreat urrúsaithe chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19 (IO L 116, 6.4.2021, lch. 25).

([9]) Cinneadh Chomhchoiste LEE Uimh. 213/2022 an 8 Iúil 2022 lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann leis an gComhaontú LEE [2019/630] (IO L 85, 23.3.2023, lch. 23).

([10]) Cinneadh Chomhchoiste LEE Uimh. 145/2024 an 12 Meitheamh 2024 lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann leis an gComhaontú LEE [2024/2433] (IO L 2433, 3.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2433/oj).

([11]) Moladh BERS/2023/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 6 Márta 2023 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhalartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C 158, 4.5.2023, lch. 1).

([12]) Tuairim BERS/2024/6 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 7 Deireadh Fómhair 2024 maidir le fógraí na hIorua maidir le hathshocrú an mhaoláin um priacal sistéamach de bhun Airteagal 133 agus maidir le hathshocrú mhaolán O-SII de bhun Airteagal 131 de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maidir le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin BERS ag www.esrb.europa.eu.

([13]) Moladh BERS/2017/4 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhalartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C 431, 15.12.2017, lch. 1).

([14]) Moladh BERS/2023/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 6 Márta 2023 lena leasaítear Moladh BERS/2015/2 maidir le measúnú ar éifeachtaí trasteorann agus ar chómhalartacht dheonach beart beartais macrastuamachta (IO C 158, 4.5.2023, lch. 1).

(8) Trí chómhalartú ceanglas caipitil macrastuamachta arna ngníomhachtú ag údaráis Ballstát eile, ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair, beag beann ar na neamhchosaintí lena mbaineann a bheith á sealbhú trí fhochuideachtaí nó brainsí, nó mar thoradh ar iasachtú díreach trasteorann, cuirtear teorainn le sceitheadh agus arbatráiste rialála, téitear i ngleic le rioscaí sistéamacha agus, ar an gcaoi sin, cuirtear éifeachtacht fhoriomlán an bheartais macrastuamachta chun cinn trína áirithiú go dtugtar aghaidh ar rioscaí méadaithe ní hamháin sa Bhallstát a thug isteach an maolán um SyRB ach freisin i mBallstáit eile ina bhfuil grúpaí baincéireachta neamhchosanta ar na rioscaí méadaithe sin. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an aitheantas freisin a áirithiú go mbeidh grúpaí baincéireachta atá neamhchosanta ar na rioscaí sistéamacha sin athléimneach go leor. Dá bhrí sin, ba cheart ceanglais chaipitil mhacrastuamachta a eascraíonn as cinneadh chun bearta macrastuamachta Ballstát eile a aithint a chur i bhfeidhm go ginearálta ar bhonn comhdhlúite, ar bhonn fo-chomhdhlúite agus ar bhonn aonair.

(9) Chun aitheantas a thabhairt do ráta SyRB na hIorua mar a d'iarr Finansdepartementet, féadfaidh údaráis inniúla agus/nó údaráis ainmnithe ábhartha Ballstáit eile ráta SyRB a shocrú i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 1 de Threoir 2013/36/AE.

(10) Ní dhéanann an leasú seo ar Mholadh BERS/2015/2 difear don leanúnachas a bhaineann le comhmhalartú na mbeart macrastuamachta náisiúnta a chuir údaráis na hIorua i ngníomh an 31 Nollaig 2022 a mholadh, mar a leagtar amach i Moladh BERS/2023/1. Is leasuithe eagarthóireachta iad na leasuithe reatha ar Mholadh BERS/2015/2, cé is moite de chómhalartú SyRB ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair. Dá bhrí sin, níl an idirthréimhse chaighdeánach 3 mhí tar éis fhoilsiú an Mholta seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* infheidhme ach amháin maidir le bearta, nó leasuithe orthu, a ghlacfaidh na húdaráis náisiúnta chun SyRB a chómhalartú ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair.

(11) Mar sin, ba cheart Moladh BERS/2015/2 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

LEASUITHE

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh BERS/2015/2 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 3 Nollaig 2024

Ceann Rúnaíocht BERS,
Ar son Bhord Ginearálta BERS
Francesco MAZZAFERRO

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Moladh BERS/2015/2:

(1) faoin Iorua, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 den roinn dar teideal 'I. Tuairisc ar na bearta':

'2. Socraítear an ráta maolánach um priacal sistéamach ag 4,5 % agus tá feidhm aige maidir le risíochtaí intíre na n-institiúidí creidmheasa uile atá údaraithe san Iorua, ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair.'

(2) faoin Iorua, an roinn dar teideal 'II. Cómhalartú', cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

'II. An Cómhalartú

'5a. Moltar do na húdaráis ábhartha bearta na hIorua maidir le neamhchosaintí atá suite san Iorua a chómhalartú i gcomhréir le hAirteagal 134(1) de Threoir 2013/36/AE agus le hAirteagal 458(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, faoi seach. Ós rud é go bhféadfadh sé, chun an maolán um riosca sistéamach a chómhalartú ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair dá dtagraítear i Moladh BERS/2024/7 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach (*), go gceanglófaí ar údarás ábhartha beart cómhalartach náisiúnta nua a ghlacadh nó bearta náisiúnta atá ann cheana a leasú lena gcómhalartútar beart maolánach na hIorua um riosca sistéamach, tá feidhm ag an idirthréimhse chaighdeánach 3 mhí tar éis fhoilsiú Mholadh BERS/2024/7 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir le bearta cómhalartacha a chur chun feidhme.

5b. Tar éis iarraidh a fháil ó Finansdepartementet, moltar do na húdaráis ábhartha beart maolánach na hIorua um riosca sistéamach a chómhalartú trína chur i bhfeidhm ar bhonn comhdhlúite, fo-chomhdhlúite agus aonair, gan beann ar na neamhchosaintí lena mbaineann a bheith á sealbhú trí fhochuideachtaí nó brainsí, nó mar thoradh ar iasachtú díreach trasteorann.

6. Mura bhfuil an beart beartais macrastuamachta céanna ar fáil ina ndlínse, i gcomhréir le fo-mholadh C(2), moltar do na húdaráis ábhartha, i ndiaidh dul i gcomhairle le BERS, bearta beartais macrastuamachta atá ar fáil ina ndlínse lena bhfuil an éifeacht is coibhéisí leis na bearta thuas a mholtar maidir le cómhalartacht a chur i bhfeidhm. Moltar do na húdaráis ábhartha na bearta coibhéiseacha a ghlacadh chun an ráta maolánach um riosca sistéamach a chómhalartú laistigh de thrí mhí tar éis fhoilsiú Mholadh BERS/2024/7 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(*) Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.'

(3) faoin Iorua, mír 8, pointe (a), den roinn dar teideal 'III. cuirtear an méid seo a leanas in ionad 'na tairsí ábharthachta':

'(a) maidir leis an maolán um priacal sistéamach, socraítear an tairseach ábharthachta ag méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail de NOK 5 bhilliún, a chomhfhreagraíonn do thart ar 0,16 % de risíochtaí iomlána atá ualaithe ó thaobh riosca ar institiúidí creidmheasa a thuairiscíonn san Iorua. Ba cheart gach neamhchosaint arna sealbhú trí fhochuideachtaí nó trí bhrainsí, nó a eascraíonn as iasachtú díreach trasteorann, a áireamh i ríomh na neamhchosaintí arna measúnú in aghaidh na tairsí ábharthachta.'